# An Cruinniú Eorpach um an Óige: glac páirt inár gcomórtas grianghrafadóireachta




Tionólfar EYE 2020 sa Pharlaimint in Strasbourg an 29-30 Bealtaine

**Beidh an Cruinniú Eorpach um an Óige (EYE) ar siúl arís sa Pharlaimint an 29-30 Bealtaine. Fonn ort a bheith i láthair? Cuir isteach ar ár gcomórtas grianghrafadóireachta ar Instagram!**

*** Cuireadh an ócáid seo ar athlá mar gheall ar an ráig den choróinvíreas Covid-19 ***

An cuimhin leat EYE 2018? Thug sé níos mó ná 8,000 Eorpach in aois 16 go 30 le chéile in Strasbourg chun a gcuid smaointí a roinnt maidir le todhchaí na hEorpa.. Anois tá ullmhúcháin ar siúl don chéad EYE eile a bheidh ar siúl an 29-30 Bealtaine 2020. Le linn na hócáide a reáchtálfar i bhfoirgneamh na Parlaiminte in Strasbourg beidh neart díospóireachtaí agus

imeachtaí ar siúl, agus beidh deis ag rannpháirtithe na dúshláin amach romhainn a phlé le cinnteoirí Eorpacha agus le daoine spreagúla mór le rá.

**Todhchaí na hEorpa**

Chomh maith leis sin beidh seóthaispeántas ceoil agus ealaíon ar siúl a dhéanfaidh éagsúlacht chultúrtha na hEorpa a chéiliúradh. Leis an mana "The Future Is Now", cuirfear béim ar leith ar thodhchaí na hEorpa ag EYE 2020. Ar chlár na comhdhála, beidh díospóireachtaí maidir leis an ngéarchéim aeráide, cúrsaí imirce agus imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas. Pléifear ceisteanna amhail oideachas, sláinte agus teicneolaíocht chomh maith. Tionólfar ócáid ar leith d'iriseoirí óga.

Chun na moltaí agus na tuairimí ar fad ó EYE 2020 a phoibliú cuirfear tuarascáil ón gCruinniú Eorpach um an Óige faoi bhráid na bhfeisirí tar éis an tsamhraidh. Déanfar na smaointe is fearr a phlé sna coistí parlaiminteacha i rith an fhómhair.

**Clárú**

Fonn ort bheith i láthair ag EYE 2020 in Strasbourg? An bhfuil tú in aois 16-30 agus i do shaoránach den Aontas Eorpach? Beimid ag glacadh le hiarratais ón 10 Eanáir go dtí an **29 Feabhra**. Níl le déanamh agat ach grúpa de dheichniúr ar a laghad a chur le chéile agus an fhoirm ar líne a líneadh isteach.

Níl aon chostas ag baint le rannpháirtíocht in EYE 2020 ach beidh ar rannpháirtithe a chostais iompair, lóistín agus cothaithe a chlúdach.

**Comórtas grianghrafadóireachta**

Má tá tú ag iarraidh freastal ar EYE 2020, d'fhéadfá cur isteach ar ár gcomórtas grianghrafadóireachta ar Instagram! Chun an comórtas a bhuachan, ba chóir go mbeadh cónaí ort i mballstát AE agus caithfear a bheith os cionn 18 mbliana d'aois. Ba cheart go mbeadh cóipcheart iomlán agat ar an ngrianghraf freisin. Bheadh ort a bheith in ann taisteal go Strasbourg an 29-30 Bealtaine 2020.

Roinn an grianghraf ar Instagram leis an mana "The Future Is Now..." agus an haischlib #EYE2020. Ná déan dearmad @EuropeanParliament agus @ep_eye a chlibeáil sa ghrianghraf. Glacfar le grianghraif go dtí meán lae CET an 2 Márta.

Roghnófar ceathrar buaiteoirí agus beidh deis ag na daoine sin páirt a ghlacadh in EYE 2020 in Strasbourg. Le linn an chomórtais, athphostálfar cuid de na grianghraif is fearr ar chuntas Instagram na Parlaiminte, agus tabharfar cuireadh freisin don duine a fuair an líon is mó freastal ar an ócáid.

Tá na rialacha ar fad le fáil ar leathanaigh Instagram na Parlaiminte agus EYE 2020. Go n-éirí libh!

**Tuilleadh faisnéise**

Cláraigh roimh an 29 Feabhra 2020
An Cruinniú Eorpach um an Óige 2020
Smaointe aos óg na hEorpa



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu